

Aerfort Phort Láirge

Eochairfhocail: cead pleanála, rúidbhealach, iarratas, forbairt

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh



Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad atá sé i gceist ag údaráis Aerfort Phort Láirge a fhorbairt amach anseo?
2. Cad atá á lorg ag údaráis Aerfort Phort Láirge ó Chomhairle Contae Phort Láirge?
3. Cén fhad a bheidh an rúidbhealach nua má chuirtear an fhorbairt i gcrích?
4. An gcuirtear traenáil mhaith ar pháilótaí in Éirinn, dar le hEoghan Corry?
5. Cén fáth a gceapann lucht gnó na Gaeltachta i bPort Láirge go mbeadh buntáiste ag baint leis an bhforbairt?
6. Cén t-aerfort a luann Irial Mac Murchú nach bhfuil ag freastal ar éileamh an phobail ar eitiltí chun na hEorpa faoi láthair?
7. Cé mhéad paisinéir a bhfuiltear ag súil leis go mbeadh Aerfort Phort Láirge in ann freastal orthu laistigh de chúig bliana?
8. Ar thaistil tú ar eitleán cheana? Má thaistil, déan cur síos ar an eispéireas sin. Is leor 50 focal.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí


Osclaíodh, nuair, thar lear, romhainn, réigiúnach, rúidbhealach, bliain, todhchaí

Is aerfort beag _____ é Aerfort Phort Láirge atá suite sa Bhaile Nua, cúpla míle ó chathair Phort Láirge. _____ Aerfort Phort Láirge sna hochtóidí luatha agus eitiltí taobh istigh d'Éirinn amháin a thagadh isteach agus amach as an Aerfort don chéad cúpla _____. Cuireadh go mór le seirbhísí an Aerfoirt ó lár na n-ochtóidí i leith _____ a tosaíodh ar eitiltí ó Aerfort Phort Láirge go haerfoirt eile _____ cosúil le Londain, Manchain, Birmingham agus áiteanna eile ar mhór-roinn na hEorpa. Anois, teastaíonn ó údaráis an Aerfoirt cur leis an _____ agus le líon na n-eitiltí a thagann isteach agus amach as an Aerfort. Táthar ag súil leis go bhfuil _____ dhearfach i ndán d'Aerfort Phort Láirge sna blianta atá _____.

Foghlaim



Aerfort Phort Láirge




Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Déan cur síos ar aerfort amháin a raibh tú ann cheana. Déan tagairt do chúrsaí slándála san aerfort, na siopaí agus na bialanna a bhí ann, an saghas atmaisféir a bhí ann agus na rudaí eile a chonaic tú a fhad is a bhí tú ag fanacht ar an eitilt. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

Plódaithe	Daoine ag rith is ag rás
An-torannach	Atmaisféar beomhar agus bríomhar
Daoine ó gach cearn den domhan	Pas bordála
Rogha leathan de shiopaí agus de bialanna	Glór an idirchum



Aerfort Phort Láirge



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cur leis an rúidbhealach, córas eitiltí agus bealaí nua a fhorbairt ón oirdheisceart
2. Cead pleanála
3. Breis is dhá mhíle trí chéad méadar
4. Cuirtear. Tá clú agus cáil ar an traenáil
5. De bharr an áit a bhfuil sé lonnaithe, tá aerfoirt eile ag cur thar maoil, daonra mór mórthimpeall chathair Phort Láirge
6. Aerfort Chorcaí
7. Breis is leathmhilliún paisinéir

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

Is aerfort beag réigiúnach é Aerfort Phort Láirge atá suite sa Bhaile Nua, cúpla míle ó chathair Phort Láirge. Osclaíodh Aerfort Phort Láirge sna hochtóidí luatha agus eitiltí taobh istigh d'Éirinn amháin a thagadh isteach agus amach as an Aerfort don chéad cúpla bliain. Cuireadh go mór le seirbhísí an Aerfoirt ó lár na n-ochtóidí i leith nuair a tosaíodh ar eitiltí ó Aerfort Phort Láirge go haerfoirt eile thar lear cosúil le Londain, Manchain, Birmingham agus áiteanna eile ar mhór-roinn na hEorpa. Anois, teastaíonn ó údaráis an Aerfoirt cur leis an rúidbhealach agus le líon na n-eitiltí a thagann isteach agus amach as an Aerfort. Táthar ag súil leis go bhfuil todhchaí dhearfach i ndán d'Aerfort Phort Láirge sna blianta atá romhainn.